C/2024/2071

7.3.2024

Foilsiú iarratais ar ainm a chlárú de bhun Airteagal 50(2)(a) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí

(C/2024/2071)

Lena fhoilsiú seo, tugtar an ceart cur i gcoinne an iarratais de bhun Airteagal 51 de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]) laistigh de 3 mhí ó dháta an fhoilsithe seo.

DOICIMÉAD AONAIR

'Cavolfiore della Piana del Sele'

Uimh. AE: PGI-IT-02905

Seolta an 20.3.2023

1. **Ainm(neacha) TGFC**

'Cavolfiore della Piana del Sele'

2. **Ballstát nó tríú tír**

An Iodáil

3. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta nó táirge bia**

3.1. *Cineál an táirge*

Aicme 1.6. Torthaí, glasraí agus gránaigh úra nó phróiseáilte

3.2. *Tuairisc ar an táirge lena mbaineann an t-ainm in (1)*

Léiríonn an t-ainm 'Cavolfiore della Piana del Sele' cinn chóilise a bhaineann le cineálacha/hibridí an speicis *Brassica oleracea* L. var. *botraíteas* atá liostaithe thíos agus a shaothraítear sa limistéar atá sainithe i bpointe 4 den doiciméad aonair seo.

Is iad na cineálacha/hibridí ag a bhfuil timthriall fáis idir 70 agus 215 lá:

Alston, Deepty, Guidalina, Lucex, Marmorex, Valmer, Tatuin, Alcala, Moonshine, Whiton, Adona, Moncayo, Bouchard, Lotsa, Socius, Ardent, Obiwan, Casper, Spacestar Gol, Acis, Wonder, Lavaredo, Borealis, Naruto, Akara, Tramont, Rafale, Omeris, Karen, Maimon, Subasio, Cantabria, Altair, Alfeen, Bernoulli, Amistad, Amistad Bio, Pamyros, Diwan, Guendis, Typical, Lecatis, Triomphant, Tonale, Akinen, Braven, Talvena, Manresa, Carantic, Parotis, Cristallo, Darifeen, Locarno, Barcedo, Vedis, Alberto, Nomad.

Cuirtear an táirge ar an margadh agus é úr nó réidh le hithe gan mórán próiseála (gáma IV), a dhéantar a mhiondealú i roghnú, sórtáil, gearradh, ní, triomú agus pacáistiú i bpaicéid, tobáin shéalaithe nó eile, mar atá mionsonraithe níos mó i bpointe 3.5 thíos, agus úsáid fhéideartha á baint as atmaisféar modhnaithe.

Chun a bheith incháilithe um chosaint, ní mór na saintréithe seo a leanas a bheith ag na cinn chóilise nuair a scaoiltear iad lena gcaitheamh:

a) i dtéarmaí méid, 13 cm ar a laghad ar trastomhas;

b) cruth agus dath atá tipiciúil den chineál lena mbaineann siad;

c) easpa smál ar dhromchla iomlán an chinn;

d) easpa duilleog taobh istigh den cheann;

e) struchtúr inmheánach: bláthóga uigeachta dúnta;

f) bláthóga iomlána agus duilleoga lena gclúdaítearan ceann;

g) saor ó bholaithe mínormálta agus lobhadh;

([1]) IO L 343, 14.12.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/1151/oj

h) ní mór ábhar tirim na gceann a bheith níos mó ná 6 % dá meáchan úr;

i) ní mór an t-iarmhar athraonmhéadrach a bheith ≥ 8.7°Brix;

j) frithocsaídeoirí: ní mór gur mó ná 50 mg/kg an vitimín C.

k) méid teinne tráth na buainte: 3 psi (fórsa puint san orlach cearnach);

l) maignéisiam gan bheith faoi bhun 18 mg/100 g.

3.3. *Beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch amháin) agus amhábhair (i gcás táirgí próiseáilte amháin)*

—

3.4. *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Ní mór gach céim de tháirgeadh 'Cavolfiore della Piana del Sele' a dhéanamh laistigh den limistéar geografach.

3.5. *Rialacha sonracha maidir le slisniú, grátáil, agus pacáistiú etc. an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Roghnaítear cinn úra agus déantar iad a phacáistiú i gcomhréir lena méideanna éagsúla agus na riachtanais margaidh éagsúla a ghabhann leo, is iad sin:

— táirge le duilleoga: agus an ceann clúdaithe leis na duilleoga;

— táirge gearrtha: agus na duilleoga gearrtha 3 cm ar a laghad os cionn an chinn;

— táirge leath-ghearrtha: agus na duilleoga gearrtha 3 cm ar a laghad os cionn an chinn, ach níos lú díobh ná an táirge gearrtha;

— táirge gan duilleoga: agus na cúig dhuilleog is faide isteach agus an chuid neamh-inite den ghas bainte;

— táirge ar baineadh na duilleoga de: gan duilleoga air agus é cosanta le scannán plaisteach, lena n-áirítear scannán micrea-pholl ta.

Ní mór don phacáistíocht a úsáidtear dlí an Aontais a chomhlíonadh. Is féidir an phacáistíocht a dhéanamh d'ábhair éagsúla, mar adhmad, cairtchlár, páipéar, eangach agus plaisteach.

Nuair a scaoiltear é lena chaitheamh, ní mór inneachar gach pacáiste agus gach pacáiste aonair a bheith aonfhoirmeach agus cinn chóilise den chineál céanna a áireamh. Ní mór táirgí a chuirtear ar an margadh agus iad réidh le hithe (gáma IV) a phacáistiú i gcoimeádáin amhail tráidirí, paicéid nó tobáin. Tá atmaisféir mhodhnaithe roghnach.

Féadfar coimeádáin a dhéanamh as plaisteach, cairtchlár nó aon ábhar eile a mheastar de réir na reachtaíochta ábhartha a bheith oiriúnach maidir leis an úsáid sin.

Ní mór don phacáistíocht saintréithe agus gnéithe tipiciúla an táirge a chaomhnú, gan aon éilliú a chruthú.

Ní mór d'ábhar gach pacáiste a bheith le feiceáil go soiléir i gcónaí. Ní mór gach pacáiste a shéalú ionas nach féidir an táirge a bhaint gan é a stróiceadh lena oscailt. - ní fhéadfar an táirge a dhíol scaoilte.

3.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Ní mór lógó an ainmniúcháin a bheith greamaithe de na codanna neamh-inite de gach ceann cóilise i ngach pacáiste.

Maidir le táirgí a chuirtear ar an margadh agus iad réidh le hithe (gáma IV), ní mór lógó an ainmniúcháin a bheith greamaithe de gach coimeádán.

Ní mór go léireodh pacáistíocht agus coimeádáin na dtáirgí a chuirtear ar an margadh agus iad úr nó réidh le hithe (gáma IV): an lógó Eorpach TGFC, agus na focail 'Cavolfiore della Piana del Sele I.G.P' [TGFC 'Cavolfiore della Piana del Sele'] leis agus ainm, ainm gnólachta agus seoladh an táirgeora agus an phacálaí.

Féadfaidh an phacáistíocht faisnéis, siombailí nó picteagraim a léiriú freisin lena moltar don tomhaltóir an coimeádán a dhiúscairt ar bhealach 'éiceabhách' chun bailiú, athúsáid agus athchúrsáil a spreagadh.

Ina theannta sin, féadfar deimhniúcháin eile atá faighte ag an táirge (GLOBALG.A.P., BRC, IFS, Iarmhar Nialasach, etc.) a léiriú. Tá sé údaraithe ainmneacha cuideachta agus brandaí príobháideacha a úsáid, ar choinníoll nach bhfuil aon chiall mholta leo agus nach dócha go gcuirfidís an tomhaltóir amú maidir le cineál agus saintréithe an táirge.

Ní cheadaítear aon tuairisc eile nach bhfuil foráil déanta go sainráite maidir leis sa tsonraíocht táirge.

Tá lógó an ainmniúcháin taispeánta thíos ina chuid leaganacha éagsúla: dubh agus bán (dearfach), daite, agus dubh agus bán (diúltach).







4. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Tá an limistéar táirgthe le haghaidh 'Cavolfiore della Piana del Sele' suite i gcúige Salerno agus tá sé comhdhéanta de chríoch riaracháin na mbardas seo a leanas: Albanella, Altavilla Silentina, Battipaglia, Bellizzi, Capaccio Paestum, Eboli, Giungano, Montecorvino Pugliano, Montecorvino Rovella agus Pontecagnano Faiano.

5. **Nasc leis an limistéar geografach**

Tá an nasc idir 'Cavolfiore della Piana del Sele' agus an limistéar geografach táirgthe bunaithe ar cháilíocht an táirge agus ar an gcáil láidir atá bainte amach aige le himeacht ama.

Idirghníomhaíonn aeráid Piana del Sele go dearfach leis na saintréithe ithreach chun saintréithe cáilíochta 'Cavolfiore della Piana del Sele' a bhfuil an-mheas orthu a mhúnlú, toisc go gceadaíonn sé do phlandaí an leas is mó a bhaint as a n-acmhainneacht ghéiniteach agus riosca an bhrú uisce agus theirmigh á íoslaghdú.

Tá aeráid shainiúil shonrach ag an limistéar, mar thoradh ar ról na Mara Thoirian ar a chósta thiar maidir leis an teocht a rialú agus ról shliabhraon Alburni san oirthuaisceart, a chosnaíonn é ar na gaotha fuara a thagann ó na Balcáin agus freisin a cheadaíonn an bháisteach a thagann isteach ón iarthar a bhailiú i dtaiscumair nádúrtha faoi thalamh, chun tairbhe na mbarr.

Limistéar táirgthe optamach atá sa limistéar tagartha chun cóilis a fhás, lena n-áirítear le linn an tsamhraidh. Leis na hairdí éagsúla, áirithítear raon teochta optamach chun an speiceas sin a fhás (4-20 °C) i limistéir chnocacha sa limistéar sainaitheanta, rud a chiallaíonn gur féidir táirgeadh a thosú fiú le linn mhíonna an earraigh agus an tsamhraidh idir mí na Bealtaine agus mí Mheán Fómhair. Os a choinne sin, clúdaíonn na limistéir chomhréidhe is táirgiúla an fómhar agus an geimhreadh (mí Dheireadh Fómhair go mí Aibreáin).

Tá sraith thiubh barrithreach bolcánaí-gláraí ag an talamh talmhaíochta. Cruthaíodh an ghné bholcánach mar thoradh ar bhrúchtaí éagsúla Vesuvius, agus soláthraíonn abhainn Sele agus na sruthchúrsaí dromchla eile a thrasnaíonn an limistéar an ghné ghlárach. Leis sin cruthaíodh ithreacha atá an-saibhir ó thaobh micreachothaitheach, go háirithe potaisiam, cailciam, maignéisiam agus iarann, a bhíonn páirteach sna próisis mheitibileacha a thugann a uigeacht uathúil don táirge, chomh maith lena oiriúnacht um chineálacha difriúla cócaireachta agus a bhlas iomlán.

Bíonn na gnéithe inaitheanta agus admhaithe ardchaighdeáin agus sainiúla a ghabhann le 'Cavolfiore della Piana del Sele' faoi thionchar, thar aon ní eile, na saintréithe sonracha timpeallachta, atá ann go heisiach i limistéar saothrúcháin 'Cavolfiore della Piana del Sele'. Déanann na saintréithe sin meascán atá go hiomlán uathúil.

Is léir an nasc sin nuair a chuirtear an táirge a fhaightear sa limistéar sainaitheanta i gcomparáid le táirgí de chuid limistéar táirgthe difriúil (i dtuaisceart agus i ndeisceart Piana del Sele), lena gcuirtear i dtábhacht na saintréithe sonracha cáilíochta a ghabhann le 'Cavolfiore della Piana del Sele'.

Chuige sin, thug an Roinn Talmhaíochta in Ollscoil Napoli Federico II faoi thionscadal taighde trí-bliana i dtrí hionad difriúla, Eboli (SA), Acerra (NA) agus Foggia (FG).

Sna trí limistéar atá luaite, cuireadh síológa cóilise an tráth céanna agus baineadh úsáid as an teicníc shaothrúcháin chéanna, ionas gurbh é an t-aon tosc thurgnamhach amháin nó an t-aon chomhpháirt athraitheach amháin an áit saothraithe. Gach Eanáir i gcaitheamh na 3 bliana den tionscadal taighde, tógadh samplaí de chinn chóilise ó fheirmeacha ina raibh an speiceas gairneoireachta sin á fhás in Piana del Sele (Eboli), Agro acerrano (Acerra) agus Tavoliere delle Puglie (Foggia).

Léirigh tástálacha anailíseacha ar 'Cavolfiore della Piana del Sele' cion ábhair thirim de 10.65 %, atá 13.2 % níos airde ná cóiliseacha a rinneadh a bhuaint in Acerra (9.41 %) agus 10.9 % níos airde ná iad siúd a rinneadh a bhuaint i Foggia (9.60 %).

Ba shuntasaí fiú an éagsúlacht idir an t-iarmhar athraonmhéadrach: 9.22°Brix in Eboli (Piana del Sele), atá 22.9 % níos airde ná mar atá in Acerra (7.50°Brix) agus 40.1 % níos airde ná mar atá in Foggia (6.58°Brix).

Baineann an méid céanna leis an gcion maignéisiam, atá 25.8 mg/100 g, 20.8 mg/100 g in Acerra agus 18.7 mg/100 g in Foggia.

Déantar a dhá oiread níos mó aigéid ascorbaigh (vitimín C), ar frithocsaídeoir thar a bheith ionadaíoch i nglasraí agus i dtorthaí é, a shintéisiú i gcinn chóilise Piana del Sele (88.4 mg/kg) i gcomparáid le cinn chóilise Agro Acerrano (Acerra) (43.6 mg/kg) agus déantar a thrí oiread níos mó a shintéisiú i gcomparáid leo siúd ó Tavoliere delle Puglie (Foggia) (27.1 mg/kg).

Leis an tionscadal taighde rinneadh comparáid idir an méid teinne tráth na buainte um 'Cavolfiore della Piana del Sele', a bhí 4.35 psi ar an meán, i gcomparáid le meán de 3.79 psi ó chóilis ó Acerra agus 3.89 psi le haghaidh cóilise ó Foggia.

Leis an leibhéal ard daingne tugtar frithsheasmhacht níos mó in aghaidh na cócaireachta agus dá bhrí sin brisce don táirge, agus cothaíonn an cion níos airde de mhaignéisiam níos mó gníomhaíochta fótaisintéisí, rud a chabhraíonn leis an gceann cóilise a dhéanamh níos milse, mar a léirítear leis an iarmhar ard athraonmhéadrach, agus dá bhrí sin níos blasta, agus le dath glas níos tarraingtí a thabhairt do na duilleoga forluiteacha.

Dá bhrí sin is féidir a áitiú go bhfeabhsaítear cáil 'Cavolfiore della Piana del Sele' le haitheantas 'airíonna sonracha orgánaileipteacha agus/nó cothaitheacha' a chruthaítear ag saintréithe sonracha cáilíochta.

D'eascair dearcadh atá an-fabhrach de ghnáth i leith chinn cóilise 'Cavolfiore della Piana del Sele' as an méid sin go léir, mar a léirítear leis an méadú leanúnach ar tháirgeadh i gcaitheamh na mblianta, chomh maith le cáil sheanbhunaithe agus fhorleathan an táirge ar na margaí náisiúnta agus Eorpacha.

Tagairt d'fhoilsiú na sonraíochta

https://www.politicheagricole.it/flex/files/1/5/3/D.f6a908888e7456d1217d/Disciplinare_rev_20122023.pdf